

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1996

GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II
(100 marc)

DÉ LUAIN, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.30 go dtí 4.00

(11) do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)
 (11) nous 2 a fhreagairt.

Freagair do rogha, (a) nó (b) nó (c), as **Roinn A** anseo, agus freagair **Roinn B**. [50 marc]

ROINN A (An Cnuasach Próis) [40 marc]

(a) (i) " 'Níor chóir duit,' arsa an Bás leis an Cearrbhach, 'Dia a ligean uait gan achainí a iarraidh air.' "
(An Cearrbhach Mac Cába)

Cad iad na trí achainí a d'iarr an Cearrbhach ar Dhia? Tabhair cuntas ar an úsáid a bhain an Cearrbhach as na trí achainí sin. [30 marc]

(ii) Bhí trua ag an gCearrbhach don ghasúr. Cad é an toradh a bhí air sin? [10 marc]

NÓ

(b) (i) "Bhíodh Peadar Beag ag rá le Micil go bhfaca sé Sionnach an Chlocháin ar an tsráid i mBaile Átha Cliath."
(Sionnach an Chlocháin)

Cén cur síos a rinne Peadar Beag ar an sionnach? Tabhair cuntas ar na hiarrachtaí a rinne Micil chun an sionnach a mharú. [30 marc]

(ii) Cén cineál duine é Peadar Beag, dar leat? Cén fáth atá le do thuairim? [10 marc]

NÓ

(a) (i) "An oíche arna mhárach d'imigh Micí ag tarraingt ar thigh Shábha Néill Óig. Chaithfeadh sé an teachtaireacht a dhéanamh."
(Grásta ó Dhia ar Mhicí)

Cén fáth, dar le Micí, a gcaithfeadh sé an teachtaireacht a dhéanamh? Tabhair cuntas ar an gcaoi ar éirigh le Micí i dteach Shábha Néill Óig an oíche sin. [30 marc]

(ii) An lá a pósadh Sábha agus Micí, cad a dúirt Sábha le Micí faoi Chonall Pheadair Bhig? [10 marc]

ROINN B (Teanga an Chnuasaigh) [10 marc]

Maidir le gach ceann de **thrí cinn** de na focail/leaganacha seo a leanas, cuir in abairt é a léireoidh a **bhrí** agus a **cheartúsáid**.

dóighiúil;	i ndiaidh;	sula;	dílleachta.
ar fud;	imní;	i bhfolach;	fiáin.
gruama;	os comhair;	seachrán;	i láthair.

A

Freagair (i), (ii), (iii) agus (iv).

- (i) Inis i d'fhocail féin cad iad "béasa an bhroic", dar leis an bhfile, sa dán *Toighe Chorr an Chait* (thíos). (10 marc)
- (ii) Inis i d'fhocail féin cén sórt daoine iad muintir Chorr an Chait, dar leis an bhfile. (16 mharc)
- (iii) Cérbh é "*Síomas Caoch*" (véarsa a ceathair)? Inis cén bhaint a bhí aige leis an ócáid a spreag an dán seo. (12 mharc)
- (iv) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat? Cuir fáthanna le do thuairim. (Is leor dhá cheann.) (12 mharc)

TOIGHE CHORR AN CHAIT

Uaigneach sin, toighe Chorr an Chait,
uaigneach a bhfir is a mná,
's dá bhfaighdís ór agus fíon
cha dtig aon díobh i gceann cháich.

I gceann cháich cha dtig siad
ar ar cruthaíodh thiar is thoir,
ar ar cruthaíodh ó Neamh go lár —
ionann sin is béasa an bhroic.

Béasa an bhroic bheith ag tochailt faoi
i ndorchadas oíche is lae:
ar ar cruthaíodh ó Neamh go lár
i gceann cháich cha dtig sé.

Ní hionmhain leis an rí-bhroc aoibhneas, aiteas ná spórt,
ní hionmhain leothu saoi, draoi ná cumadóir ceoil,
ní hionmhain leo Síomas Caoch ná cuidiú Néill Óig,
is fanadh gach aon mar a mbiad ag tochailt an phóir.

B

Freagair (i), (ii), (iii) agus (iv).

- (i) Cén fáth, dar leat, ar chum an file an dán *Dia* (thíos)?
(Is leor dhá phointe.) (12 mharc)
- (ii) Scríobh nóta faoin ngrá a bhí ag an seanfhear dá mhac Liam. (Is leor dhá phointe.) (12 mharc)
- (iii) Mínígh go cruinn I **d'fhocail féin** cúig cinn de na focail a bhfuil líne fúthu sa dán. (14 mharc)
- (iv) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat? Cuir fáthanna le do thuairim. (Is leor dhá cheann.) (12 mharc)

DIA

D'iompaigh an seanfhear aosta
A cheann mín maol
Gur stán ar na clocha glasa liatha
A bhí ina smionagar scaipthe scaoilte
Stróicthe ina thimpeall.

Thit scáile dúdúr dorcha ar a smaointe,
Anseo sciob an saol uaidh
A aonmhac álainn uasumhal.

Bacach de bhuama pléascach!

Phléasc tocht goirt ina sheanscórnach
An mac úd Liam
Liam dílis
An t-aon solas a bhronn sólas
Mac a bhí spraoiúil, grámhar
Mac a bhí áthasach síochánta
Mac nár chlis ariamh ina shaol air
Mac anois a dtabharfadh sé a mhaoin air.

Ansin spréigh a dhílsmaointe
Go dtí na céadta dea-dhaoine
A chaill mac, iníon nó gaol leo
I luíochán.

Is d'iarr ar Dhia é a shaoradh
Ón bpian gan leigheas gan faoiseamh
A dhubhaigh a lá mar oíche
Is aríst d'iarr ar Dhia é a shaoradh.

C

Freagair (i), (ii), (iii) agus (iv).

- (i) Cé a chum an dán *Tuairimí* (thíos)? Scríobh nóta gearr ar shaol an fhile. (8 marc)
- (ii) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat? Cuir fáthanna le do thuairim. (Is leor dhá cheann.) (12 mharc)
- (iii) Míneigh an séú véarsa agus an seachtú véarsa go cruinn i d'fhocail féin. (*Sciobtar ... thiubh!*) (12 mharc)
- (iv) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor trí cinn.) (18 marc)

TUAIRIMÍ

Sin é an marbh
'Na luí ar lic,
Chomh nocht le n'fheadar,
Chomh bocht le luich.

Cá bhfuil an trealamh
Is an phoimp anois?
Ag lobhadh go dealbh
Nó ar dhroim nach leis.

Is an bhean úd mhaiseach
Na mball gan locht?
Le fear dá mhalairt
Ag rince poirt!

Cá bhfuil an mheabhair
Bhíodh teann sa treis,
Is gach tuairim dhearbh
Do shuíodh go te?

Tá a n-éifeacht caite,
Gan bail, gan tuis,
Agus iad chomh sraite
Le m'fhear ar lic!

Sciobtar go tapa
Óm radharcsa an rud;
Sáigh é i dtalamh
Is a ráite leis.

Tá tuilleadh dá shamhail
Go deimhin le cur;
Bíodh na sluaiste i bhfearas
Chun saothair thiubh!

Mar ní sa bheatha
Go léir ach puth,
Is ár dtuairimí reatha
Ní fearr ná sin.